



---

Tuarascáil Bhliantúil Choiste  
Iniúcháireachta agus Riosca an  
Gharda Síochána  
don bhliain dar chríoch  
an 31 Nollaig 2018

---

## **Clár Ábhair**

Réamhrá.....	3
Feidhmeanna an Choiste agus an Chairt Iniúcháireachta .....	4
Cairt Sheirbhís Iniúcháireachta Inmheánaí an Gharda Síochána .....	4
Cruinnithe an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca in 2018.....	5
Cruinniú leis an Údarás Póilíneachta .....	6
Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais.....	6
Bainistíocht an Gharda Síochána ar Mhaoin agus Fianaise .....	6
Bainistíocht Acmhainní Donna an Gharda Síochána .....	7
Rialuithe Airgeadais an Gharda Síochána .....	8
Próisis Measúnaithe Riosca an Gharda Síochána .....	8
Comhoibriú leis an Aonad um Chaighdeán Ghairmiúla an Gharda Síochána agus le Seirbhís Iniúcháireachta Inmheánaí an Gharda Síochána .....	9
Beartas Frithchaloise an Gharda Síochána.....	10
Próisis Soláthair an Gharda Síochána 2018 .....	10
Ceisteanna eile a phléigh an Coiste le linn 2018.....	11
Seirbhís Iniúcháireachta Inmheánaí an Gharda Síochána .....	12
Cruinniú le hOifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.....	12
Leibhéal Chonartha faoi alt 45(5)(a) d’Acht an Gharda Síochána, 2005.....	12
Breisluch mar thoradh ar Phróisis Iniúcháireachta an Gharda Síochána.....	13
Conclúid.....	13

## **Tuarascáil Bhliantúil Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an Gharda Síochána don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018**

---

*(Arna ullmhú i gcomhlíonadh alt 45 (1) (b) d'Acht an Gharda Síochána, 2005)*

### **Réamhrá**

Bhunaigh Coimisinéir an Gharda Síochána an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (“an Coiste”) in 2006 i gcomhréir le hAlt 44 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 (“an tAcht”), arna leasú ag Alt 36 d'Acht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha). Rinne an tÚdarás Póilíneachta an Coiste reatha a cheapadh i mí Bealtaine 2017.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta reatha ó mhí na Bealtaine, 2017.

An Dr Cyril Sullivan (Cathaoirleach)

An tOllamh Niamh Brennan

Áine Cornally, Uasal

Anne Tynan, Uasal

Joseph Nugent, Uasal

Fónann comhaltaí ar an gCoiste ar feadh téarma trí bliana. Gan an tUasal Nugent a áireamh (ionadaí bhainistíocht inmheánach an Gharda Síochána), is ceapaithe seachtracha iad na comhaltaí eile. D'fhreastail na comhaltaí go léir ar na cúig cruinniú a réachtáladh i rith 2018.

Bliain ghnóthach don Choiste a bhí in 2018 mar a mhionsonraítear thíos. Le linn na gcúig chruinniú, rinneadh breithniú ar 25 cinn de thuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí; fuarthas cuir i láthair ón mbainistíocht ó 9 réimse dhifriúla d'oibríochtaí an Gharda Síochána; bualadh leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun cuntas leithreasa 2017 agus an litir bhainistíochta ghaolmhar a phlé; agus chuir an Coiste fáilte roimh Choimisinéir nua an Gharda Síochána, an tUasal Harris, a d'fhreastail ar a chéad chruinniú den Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an 6 Nollaig, 2018.

Ba mhaith leis an gCoiste buíochas a ghabháil leis an gCoimisinéir Dónall Ó Cualáin a d'imigh ar scor le linn na bliana agus a bhí ina iarchomhalta den Choiste, as an gcomhoibriú agus cúnaimh a léirigh sé don Choiste. Mar a luadh cheana, cuireann an Coiste fáilte roimh an gCoimisinéir nua, an tUasal Harris, agus ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis as an teagmháil a bhí aige leis an gCoiste ó ceapadh é.

Ba mhaith leis an gCoiste buíochas a ghabháil freisin le Garda Claire Haugh a bhí ina rúnaí don Choiste go dtí gur athlonnaíodh go Rannán Chontae an Chláir í in 2018. Cuireann an Coiste fáilte roimh Catherine Heffernan a tháinig i gcomharbacht ar Garda Hughes mar rúnaí don Choiste.

Is féidir teacht ar chuntais ghearra maidir le saol na gcomhaltaí reatha ag <https://www.garda.ie/en/about-us/audit-and-risk-committee/membership-profile.html>

### **Feidhmeanna an Choiste agus an Chairt Iniúcháireachta**

Leagtar amach feidhmeanna an Choiste in alt 45 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 agus tugtar míniú breise orthu i gCairt Iniúcháireachta mhionsonraithe a comhaontaíodh go foirmiúil idir an Coiste agus an Coimisinéir. Is féidir teacht ar chóip den Chairt seo ag

<https://www.garda.ie/en/about-us/audit-and-risk-committee/charter-for-the-garda-siochana-audit-committee.pdf>.

Foráiltear sa Chairt go ndéanann an Coiste maoirsiú ar an bpróiseas iniúcháireachta inmheánaí; go ndéanann sé athbhreithniú agus faomhadh ar thuarascálacha iniúcháireachta inmheánaí; agus go gcuireann sé an Coimisinéir ar an eolas maidir lena ról mar Oifigeach Cuntasaíochta. Rinne an Coiste athbhreithniú ar an gCairt le linn 2018 agus níor moladh leasú ar bith.

### **Cairt Sheirbhís Iniúcháireachta Inmheánaí an Gharda Síochána**

Cuireann an Coiste fáilte roimh an gCairt nua do Sheirbhís Iniúcháireachta Inmheánaí an Gharda Síochána a síníodh idir Cathaoirleach an Choiste, Coimisinéir

an Gharda Síochána agus Ceann na hIniúcháireachta Imheánaí ar an 1 Meitheamh 2018. Leis an gCairt, bunaítear don chéad uair caidreamh um thuairisciú díreach idir Ceann na hIniúcháireachta Imheánaí agus Coimisinéir an Gharda Síochána.

### **Cruinnithe an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca in 2018**

Ceanglaítear faoi alt 45(3) den Acht go dtagann an Coiste le chéile ceithre huair ar a laghad in aghaidh na bliana. Tháinig an Coiste le chéile 5 uaire le linn 2018: an 24 Eanáir, an 8 Márta, an 15 Bealtaine, an 5 Meán Fómhair agus an 6 Nollaig.

Reáchtáladh gach ceann de na cruinnithe i gClub na nOifigeach i gCeanncheathrú an Gharda Síochána. Tugadh cuireadh do Cheann na hIniúcháireachta Imheánaí, chomh maith le hOifigigh eile, freastal ar chruinnithe de réir mar ba ghá chun eolas suas chun dáta a sholáthar don Choiste maidir le hábhair iomchuí.

Lean an Coiste dá inní a chur in iúl don Choimisinéir a bhí ag dul as oifig maidir le neamhláithreacht leanúnach Stiúrthóir Feidhmiúcháin Airgeadais an Gharda Síochána ó chruinnithe an Choiste. Níor fhreastail an Stiúrthóir Feidhmiúcháin Airgeadais ar chruinnithe Coiste le linn 2017 ná 2018 (nach mór dhá bhliain). Bhí an Coiste den tuairim go gcuireann sé sin srian mór ar a chumas chun bainistíocht an Gharda Síochána a thabhairt chun cuntais maidir le rialachas airgeadais agus oibríochtaí bainistíochta sa Gharda Síochána. Chuir an Coiste fáilte roimh idirghabháil an Choimisinéara nua a shocraigh go bhfreastalóidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar na cruinnithe Coiste ó luath in 2019 ar aghaidh.

Mar a mhionsonraítear níos faide ar aghaidh sa tuarascáil, chas an Coiste ar oifigigh shinsearacha ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, is iad sin Maureen Mulligan (Leas-Stiúrthóir Iniúcháireachta) agus Kiernan Scott (Iniúcháir Sinsearach) ag an gcruinniú a reáchtáladh i mí Eanáir 2018. Thug oifigigh Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste achoimre ar na saincheisteanna iniúcháireachta a tháinig chun cinn le linn an iniúchadh a rinneadh ar chuntas leithreasa 2016.

## **Cruinniú leis an Údarás Póilíneachta**

I gcomhréir le Cairt an Choiste, chas Cathaoirleach an Choiste, an Dr Sullivan leis an Údarás Póilíneachta ar an 24 Bealtaine chun faisnéis a thabhairt don Údarás maidir le tuarascáil bhliantúil an Choiste le haghaidh 2017. Chuir an tÚdarás fáilte roimh an tuairisc chun dáta agus moladh an Choiste as a chuid oibre ar fad i rith 2017. Chuir an tÚdarás a imní in iúl maidir le neamhláithreacht leanúnach Stiúrthóir Feidhmiúcháin Airgeadais an Gharda Síochána ó chruinnithe an Choiste (agus táthar tar éis fáilte a chur roimh idirghabháil an Choimisinéara chuige sin ó shin). Thug an tÚdarás gealltanais go leanfar ar aghaidh le tacaíocht a thabhairt don Choiste ina iarrachtaí chun na struchtúir rialachais laistigh den Gharda Síochána a neartú.

## **Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais**

Mar chuid dá chuid oibre chun tacú le Coimisinéir an Gharda Síochána ina cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta an Gharda Síochána, rinne an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca athbhreithniú ar an Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais. Chuir ábhair agus moltaí tuarascálacha iniúcháireachta inmheánaí a fuarthas i rith na bliana, agus ábhair agus moltaí athbhreithnithe ar rialuithe inmheánacha a rinne Seirbhís Iniúcháireachta Inmheánaí an Gharda Síochána bonn eolais leis an tuarascáil seo. Ar bhonn na dtuarascálacha a chur an bhainistíocht ar fáil don Choiste, mar aon leis na dearbhuithe arna bhfáil ó obair Sheirbhís Iniúcháireachta Inmheánaí an Gharda Síochána, bhí an Coiste sásta gur cheart don Choimisinéir an Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais a shíniú.

## **Bainistiú an Gharda Síochána ar Mhaoin agus Fianaise**

Le blianta anuas, tá sé aitheanta ag an gCoiste go bhfuil gur lag iad na rialuithe atá i bhfeidhm maidir le Bainistiú Foilseán agus Maoine (PEMS) a thaifeadh agus a stóráil agus gur gá iad a fheabhsú. Lean an laige sin ar aghaidh in 2018.

Go déanach in 2017, cuireadh córas PEM nua, PEMS2, i bhfeidhm agus tá saoráid ag baint leis an gcóras sin chun gach earra a bhaineann le teagmhas atá taifeadadh ar PULSE a nascadh leis an teagmhas sin agus chun gach earra a thógtar faoi rialú an Gharda Síochána a bharrachódú. Léirítear i réamhthorthaí iniúchta atá á déanamh ag Seirbhís Iniúcháireachta Inmheánaí an Gharda Síochána faoi láthair

go ndéantar taifeadadh níos cruinne ar earraí a thagann i seilbh an Gharda Síochána anois ó cuireadh i bhfeidhm PEMS2 ná mar a bhí á dhéanamh cheana.

Níl taifeadadh cruinn déanta áfach ar gach earra atá i seilbh an Gharda Síochána faoin chóras PEMS roimhe sin lenar bhain admháil láimhe (Córas Rianaithe Foilseán agus Maoine (PETS)) - ná faoi chóras láimhe an Leabhair Maoine a bhí i bhfeidhm roimhe sin, ná níl na hearraí go léir traschurtha chuig an córas leictreonach nua agus tá an chuma ar an scéal go ndearnadh neamhaird ar chuid de na hearraí níos sine.

Déanfaidh an Coiste tuilleadh athbhreithnithe ar an ábhar seo in 2019 ar chríochnú na hoibre iniúcháireachta inmheánaí atá ar siúl faoi láthair.

### **Bainistíocht Acmhainní Donna an Gharda Síochána**

Baineann thart ar 90% de Vóta iomlán an Gharda Síochána le “costais foirne” de chineál éigin (e.g. bunphá, ragobair, liúntais agus pinsin). Chomh maith le nósanna imeachta riaracháin a chomhlíonadh, tá sé tábhachtach freisin go ndéantar an caiteachas seo a bhainistiú ar bhealach éifeachtach agus go mbaineann luach ar airgead leis. Cuirtear béim sa Phlean Póilíneachta agus sna moltaí i dTuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána (Samhain 2015)<sup>i</sup>, ar an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go sanntar an líon is mó Gardaí do dhualgais póilíneachta ard-infheictheachta a mbaineann “*teagmháil dhíreach leis an bpoba*” leo, agus a mhéid is féidir, go gcomhlíonann Foireann an Gharda Síochána ról bhainistíochta, ról riaracháin agus ról thacaíochta ionas go ligtear d’Oifigigh an Gharda Síochána ról phóilíneachta a chomhlíonadh.

Fuarthas amach mar thoradh ar Iniúchadh ar Leithdháileadh agus Bainistiú Acmhainní ag an Leibhéal Ceantair agus Roinne a rinneadh in 2018 go raibh meánlíon 44% d’Oifigigh an Gharda Síochána ag grád an Gharda agus ag grád an tSáirsint sa sampla de na Ranna a ndearnadh iniúchadh orthu, i mbun gníomhaíochtaí patrólaithe agus póilíneachta ard-infheictheachta. Tacaíonn an Coiste go hiomlán leis an gCoimisinéir agus lena fhoireann bainistíochta ina gcuid oibre chun an cuspóir maidir le sibhialtachú a chur chun cinn, de réir mar is cuí, tríd an bPlean um Nua-aoisiú an Fhórsa Saothair.

Rinne an Coiste athbhreithniú ar dhréacht-thuarascáil iniúchta maidir le Rialuithe Neamhláithreachta agus Freastail ina n-aithnítear easnaimh sa chórais a dhéanann freastal agus neamhláithreachtaí a thaifeadadh agus a bhainistiú. De bhun na tuarascála seo, molann an Coiste tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i gcórais bainistíochta Acmhainní Daonna nua-aimseartha ar cheart dóibh feabhsuithe suntasacha a thabhairt chun críche ó thaobh na rialuithe a bhaineann le hacmhainní foirne a athlonnú sa bhealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla, agus ó thaobh na ragoibre, na neamhláithreachtaí agus na ró-íocaíochtaí do bhaill foirne a laghdú.

### **Rialuithe Airgeadais an Gharda Síochána**

Rinne an Coiste breithniú ar roinnt tuarascálacha inmheánacha iniúcháireachta maidir le rialuithe airgeadais an Gharda Síochána le linn 2018. Cé go raibh an Coiste sásta go raibh ord réasúnta ar na rialuithe i bhfeidhm, aithníodh roinnt laigí rialuithe airgeadais le linn an iniúchta a bhain le baincéireacht, cuntais fionraí, ceaduithe caiteachais a thaifeadadh, luacháil agus rialú sócmhainní, córas na n-orduithe ceannaigh agus rialachas ginearálta na Stiúrtóireachta Airgeadais (i réimse na straitéisí agus na pleanála airgeadais) atá le haghaidh a thabhairt orthu.

Choimeád an Coiste súil ar na moltaí chun dul i ngleic leis na laigí tromchúiseacha ó thaobh rialachais agus rialaithe airgeadais arna n-aithint i gColáiste Oiliúna an Gharda Síochána sa Teampall Mór. Tá an Coiste sásta go bhfuiltear tar éis dul i ngleic leis na fadhbanna go léir agus go bhfuil beartas agus nósanna imeachta an Choláiste á gcur i bhfeidhm anois de réir an dea-chleachtais.

### **Próisis Measúnaithe Riosca an Gharda Síochána**

Glacann an Coiste leis go dteastaíonn trí bliana ar a laghad chun córas nua bainistíochta riosca a dhaingniú sula féidir leis a bheith fíor-éifeachtach. Agus córas foirmiúil bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm sa Gharda Síochána i mí Márta, 2017, aithníonn an Coiste go mbeidh deireadh 2020 ann sula mbeidh an Córas Bainistíochta Riosca seo bunaithe i gceart san eagraíocht.

Idir an dá linn, tá dul chun cinn suntasach déanta ag Aonad Bainistíochta Riosca an Gharda Síochána ó bhí mí Márta 2017 ann. Mar sin féin, is gá tuilleadh oibre a dhéanamh chun leibhéal aibíochta na bainistíochta riosca sa Gharda Síochána a



fhorbairt. Is gá tionscnaimh eile bainistíochta riosca, amhail acmhainn agus lamháltas riosca, a bheith ard ar Chlár Oibre Bhord Rialachais Riosca & Beartais an Gharda Síochána chun treoir, comhairle agus eolas praiticiúil a sholáthar maidir le struchtúir rialachais riosca don Fhórsa.

Le linn 2018, thug Aonad Bainistíochta Riosca an Gharda Síochána cuir i láthair agus uasdátaithe don Choiste ar bhonn rialta. Cinntíonn Aonad Bainistíochta Riosca an Gharda Síochána go gcuirtear isteach na cláir riosca ar fad i gcomhréir le beartas agus go n-áiríthíonn siad comhsheasmhacht ar fud na heagraíochta. Le dhá bhliain anuas cuireadh béim ar rátaí comhlíontachta cainníochtúla a fheabhsú agus an próiseas a dhaingniú ar fud na tíre. Tá an Coiste den tuairim gur oibrigh an próiseas seo go maith. Léiriú eile air sin ná Gradaim Aitheantais an Ghréasáin Riosca Fiontair a reáchtáil an Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát go bliantúil chun aitheantas a léiriú ar cheannródaithe sa bhainistíocht riosca fiontair in earnáil an Stáit. Ag searmanas na ngradam a bhí ar siúl ar an 8 Samhain 2018, bronnadh an gradam is airde sa chatagóir ‘Luach Fadtéarmach’ ar an nGarda Síochána don tionscnamh ‘Cur Chuige Athbhreithnithe i leith na Bainistíochta Riosca’. Tá an próiseas seo tar éis a bheith éifeachtach ó thaobh na bainistíochta riosca a normalú laistigh den Gharda Síochána agus chuir sé ar chumas na heagraíochta cinntí eolasacha a dhéanamh chun riosca a bhainistiú.

Aithníodh réimsí a d’fhéadfaí a fheabhsú san iniúchadh a rinneadh le déanaí ar an gcreat bainistíochta riosca, lena n-áirítear:

- Córas leictreonach a chur ar fáil chun tacú leis an gcreat bainistíochta riosca
- Rioscaí suntasacha ar fad a bhainistiú laistigh den chreat riosca
- Béim níos mó a chur ar rioscaí a chuireann isteach ar sholáthar seirbhísí póilíneachta dár gcustaiméirí
- Próisis a chuíchóiriú ar mhaithe le rioscaí a mhaolú ar bhonn níos tapúla nuair a aithnítear iad.

### **Comhoibriú leis an Aonad um Chaighdeán Ghairmiúla an Gharda Síochána agus Seirbhís Iniúcháireachta Inmheánaí an Gharda Síochána**

Chuir an Coiste fáilte roimh an gcomhoibriú atá ar siúl i gcónaí idir Seirbhís Iniúcháireachta Inmheánaí an Gharda Síochána agus Aonad um Chaighdeán Ghairmiúla an Gharda Síochána. I gceist leis sin bhí comhthionscnaimh oiliúna

d'fhoireann an dá Aonad, comh-iniúchtaí agus comhordú gníomhaíochta trí Ghrúpa na bPáirtithe Leasmhara Rialachais a thagann le chéile ar bhonn míosúil.

Cuireadh an Coiste ar an eolas freisin maidir le tionscnamh atá á bhreithniú ag an gCoimisinéir nua a fhéachann le próiseas dearbhaithe Sheirbhís Iniúcháireachta Inmheánaí an Gharda Síochána agus an Aonaid um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána do Choimisinéair an Gharda Síochána a chuíchóiriú. Cuirfeadh an Coiste fáilte roimh tionscnamh mar sin.

### **Beartas Frithchhalaoise an Gharda Síochána**

Le linn 2018, lean an Coiste de mhonatóireacht a dhéanamh ar Bheartas Frith-Chhalaoise an Gharda Síochána. Tugadh ar aird go dtuairiscíodh 12 chás de chhalaois amhrasta (de réir an bheartais) le Ceann na hIniúcháireachta Inmheánaí. Rinneadh imscrúdú ar na cásanna seo trí oifigigh imscrúdaithe a ceapadh ar aon dul leis an mbeartas. D'iarr an Coiste go ndéanfaidh Seirbhís Iniúcháireachta Inmheánaí an Gharda Síochána breithniú ar na cásanna seo agus go ndéanfaidh siad tástáil le haghaidh teagmhais chomhchosúla le linn tascanna iniúchta amach anseo.

### **Próisis Soláthair an Gharda Síochána 2018**

Lean an Coiste Iniúcháireachta le hathbhreithniú a dhéanamh ar bheartais, próisis agus nósanna imeachta sa Gharda Síochána, agus le comhairle a chur ar an gCoimisinéir faoi mar a cheanglaítear faoi alt 45 (2)(c)(i) d'Acht an Gharda Síochána, 2005. Ceanglaítear i gCiorclán 40/02<sup>ii</sup> na Roinne Airgeadais go dtugtar gach teagmhas de neamhchomhlíonadh le nósanna imeachta soláthair le fios in aguisín leis an gCuntas Leithreasa. Phléigh an Coiste tuairisceán 40/02 a rinneadh le Cuntas Leithreasa 2017 ag an gcruinniú ar an 15 Bealtaine 2018.

Cé go bhfuil an Coiste den tuairim go gcomhlíonann an Garda Síochána a oibleagáidí soláthair phoiblí go ginearálta, rinne an Coiste breithniú in 2018 ar obair iniúcháireachta a léirigh gné de neamhchomhlíonadh le nósanna imeachta soláthair maidir le feithiclí a thabhairt chun bealaigh agus a stóráil, agus maidir le seirbhísí míochaine.

Maidir le Soláthar TFC, thug an Coiste ar aird go bhfuil Creata Rialtais á n-úsáid anois chun a chinntiú go gcomhlíontar oibleagáidí soláthair phoiblí. Tugadh ar aird go bhfuiltear tar éis an príomhchonradh TFC a roinnt ina cheithre iarraidh ar thairiscint agus tá siad siúd ag céimeanna éagsúla den phróiseas soláthair faoi láthair. Déanfaidh an Coiste athbhreithniú leanúnach ar an bpróiseas sin.

### **Ceisteanna eile a phléigh an Coiste le linn 2018**

D'fhaomh an Coiste Plean Iniúcháireachta 2018 arna leagan amach ag Iniúcháireacht Inmheánach agus rinne sé athbhreithniú ar an dul chun cinn i gcoinne an phlean seo i rith na bliana. Chomhaontaigh an Coiste ar thosaíochtaí breise agus leasaigh siad an plean i rith na bliana. Ghlac an Coiste leis na leasuithe ar an bplean arna moladh ag Ceann na hIniúcháireachta Inmheánaí.

Ar an iomlán, rinne an Coiste breithniú agus faomhadh ar 25 Tuarascáil Iniúcháireachta:

Iniúchtaí Roinne/Aonaid Speisialtóra	3
Iniúchtaí Athbhreithnithe	6
Iniúchtaí ar Ranna/Aonaid na Ceanncheathrún	3
Iniúchtaí Téamacha/Trasghearrthacha	12
Tuarascáil le Coimisinéir an Gharda Síochána	1

Ag gach cruinniú, rinne an Coiste athbhreithniú ar na Cuntais Bainistíochta agus an riocht buiséadach. Bhí an Coiste buartha faoin éagsúlacht dhíobhálach i mbuiséad Párolla (A1) de thart ar €35 milliún agus an buiséad forlíontach a bhí ag teastáil ag deireadh 2018. Tugadh ar aird áfach i ndiaidh cheapachán an Choimisinéara nua gur tháinig feabhas ar rialú an bhuiséid pá agus táthar ag súil go leanfaidh an feabhsú sin ar aghaidh in 2019. Chuir an Coiste fáilte roimh idirghabháil an Choimisinéara nua, an Coimisinéir Harris, atá tar éis feabhas a chur ar rialú na héagsúlachta sin – leanfaidh an feabhsú sin in 2019.

Thug bainistíocht agus foireann an Gharda Síochána cuir i láthair don Choiste maidir leis na hábhair seo a leanas:

- Bainistíocht Riosca
- An tSamhail Rannach Phóilíneachta

- Ciste na Rúnseirbhíse
- Aonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána
- Póilíníú Bóithre
- An Clár Athstíúrtha Óige
- Feabhsuithe ar Chaighdeáin Sonraí
- Breoiteacht nach mbaineann leis an Obair
- Sonraí a bhaineann le Dúnbhású

### **Seirbhís Iniúcháireachta Inmheánaí an Gharda Síochána**

Le linn 2018, tháinig méadú ó 12 go 15 ar fhoireann Sheirbhís Iniúcháireachta Inmheánaí an Gharda Síochána. Ghlac na baill foirne nua páirt in oiliúint agus meantóireacht, idir oiliúint agus meantóireacht fhoirmiúil agus oiliúint agus meantóireacht ar an láthair oibre. Chuir ceathrar ball foirne Chlár an Teastais i Scileanna Iniúcháireachta i gcrích leis an bhForas Riaracháin. Tá an Teastas maidir le Rialachas á dhéanamh ag beirt bhall foirne faoi láthair, arís tríd an bhForas Riaracháin.

Chuir an Coiste fáilte roimh acmhainní breise arna bhfaomhadh agus arna gcur ar fáil ag an Údarás Póilíneachta agus an Coimisinéir. Leis sin, léirítear tiomantas do rialuithe inmheánacha agus Struchtúr Rialachais láidir a chur i bhfeidhm sa Gharda Síochána.

### **Cruinniú le hOifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste**

I mí Eanáir 2018, chas an Coiste leis an Leas-Stiúrthóir Iniúcháireachta agus an tIniúcháir Sinsearach ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste chun athbhreithniú a dhéanamh ar a dTuarascáil Bhliantúil maidir le caiteachas in 2016 agus saincheisteanna iniúcháireachta a tháinig chun cinn in 2017. Pléadh freisin rioscaí féideartha amach anseo agus straitéis iniúcháireachta in 2018.

### **Leibhéil Chonartha faoi alt 45(5)(a) d’Acht an Gharda Síochána, 2005**

Ceanglaítear faoi alt 45(5)(a) den Acht ar an gCoimisinéir chun an Coiste a chur ar an eolas faoi chonarthaí ina n-iontrálfar os cionn suim airgid sonraithe. Shocraigh an Coiste tairseach €5 milliún ar na conarthaí seo. I gcomhréir le Ciorclán na Roinne

Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, 16/2013, ceanglaítear ar an nGarda Síochána creataí lárnacha soláthair agus conarthaí a úsáid arna mbunú ag an Oifig um Sholáthar Rialtais. Cuireadh an Coiste Iniúcháireachta ar an eolas faoi chonarthaí atá á mbainistiú don Gharda Síochána ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

## **Breisluch mar thoradh ar Phróisis Iniúcháireachta an Gharda Síochána**

Tá an Coiste sásta go mbaineann éifeacht lena chuid oibre i gcónaí. Tá na moltaí ó iniúchtaí le roinnt blianta anuas tar éis cur le hiarrachtaí chun roinnt tionscnamh tábhachtach a thabhairt chun críche. Mar shampla, rinne an Coiste athbhreithniú agus imscrúdú ar thionscnaimh amhail an PEMS2 nua, struchtúir rialachais athbhreithnithe Choláiste Oiliúna an Gharda Síochána, an Plean um Nua-aoisiú an Fhórsa Saothair agus an Creat Bainistíochta Riosca, agus baineadh dul chun cinn suntasach amach de bharr na hoibre sin.

Tuairiscíodh obair iniúcháireachta inmheánaí suntasaí don Choiste nuair a chuirtear comparáidí bliain ar bhliain san áireamh. I mí Márta 2018, bhí 46 moladh iniúcháireachta ardtosaíochta ann (saincheisteanna ardriosca), agus astu siúd rinneadh 21 a réiteach go hiomlán nó a íosghrádú go stádas riosca níos ísle. Cuireadh 43 saincheist ardtosaíochta leis sin in 2018/19, rud a chiallaíonn go raibh 68 saincheist ardtosaíochta fós le réiteach i mí Márta 2019. Is dóchúil gur eascair an méadú sin i líon na saincheisteanna ardtosaíochta sa bhliain as an méadú i ngníomhaíocht iniúcháireachta a tharla nuair a tugadh foireann bhreise do Sheirbhís Iniúcháireachta Inmheánaí an Gharda Síochána.

## **Conclúid**

Ba mhaith le comhaltaí an Choiste aitheantas a thabhairt don chomhoibriú agus don chúnamh a fuair siad i rith na bliana ó Choimisinéir, bainistíocht agus foireann an Gharda Síochána.

Le linn 2018, chuir an Coiste fáilte roimh na feabhsuithe sa timpeallacht rialaithe airgeadais maidir le Córas Bainistíochta Foilseán agus Maoine (PEMS2) agus maidir leis an bPlean um Nua-aoisiú an Fhórsa Saothair agus an tSamhail Rannach Phóilíneachta is dóchúil a réiteoidh fadhbanna maidir le hacmhainní a athlonnú.

In 2018, cuireadh feabhas le stádas Sheirbhís Iniúcháireachta Inmheánaí an Gharda Síochána. Tá foireann breise curtha ar fáil freisin. Chomh maith leis sin, aithníonn an Coiste dea-obair lucht bainistíochta agus fhoireann Sheirbhís Iniúcháireachta Inmheánaí an Gharda Síochána.

Ar deireadh, bíonn an méid atá an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (atá comhdhéanta de chomhaltaí seachtracha) ábalta cur le rath na heagraíochta ag brath go mór ar an méid tacaíochta a fhaightear ón mbainistíocht shinsearach.

Faoi láthair, tá an Garda Síochána ag gabháil trí phróiseas lán d'athrú agus athchóiriú suntasach. Is mian leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca leanúint de thacaíocht a thabhairt don Fhórsa le linn an phróisis seo agus tá fonn ar na comhaltaí aird na bainistíochta a tharraingt ar na deiseanna a chuireann an próiseas seo ar fáil chun a struchtúir rialachais a neartú agus chun a tacaíocht don iniúcháireacht inmheánach a léiriú.

---

***An Dr Cyril Sullivan***

***Cathaoirleach Choiste Iniúcháireachta agus Riosca an Gharda Síochána***

***Dáta: 28 Márta 2019***

---

<sup>i</sup> Cigireacht an Gharda Síochána; Samhain 2015; An Phóilíneacht in Éirinn a Athrú

Ceanglaítear i gCiorclán 40/02 na Roinne Airgeadais, i gcásanna eisceachtúla nach gcomhlíontar nósanna imeachta soláthair go hiomlán, sonraítear an caiteachas seo ar thuairisceán bliantúil a chuirtear ar aghaidh leis an gCuntas Bliantúil Leithreasa chuig Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.